An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

**Ciorclán 0023/2020**

**Chuig: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**COVID-19 (Coróinvíreas)**
**Tá feidhm ag na socruithe seo a leanas maidir le híocaíochtaí foghlaimeora i mBoird Oideachais agus Oiliúna**

Ba cheart na socruithe atá sa chiorclán seo a chur i bhfeidhm i leith íocaíochtaí foghlaimeora le haghaidh cúrsaí breisoideachais agus oiliúna agus printíseachtaí ceirde

Forchoimeádann an Roinn an ceart chuici féin chun na socruithe seo a athrú tráth ar bith ar mhaithe le haon chomhairle nuashonraithe sláinte poiblí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a léiriú.

Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach comhalta de d'eagraíocht agus go dtarraingeofar aird na mball foirne uile atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

Phil O'Flaherty
Príomhoifigeach
An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna

10 Márta 2020

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
www.education.ie

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt.

**Íocaíocht foghlaimeora** – ciallaíonn sé seo íocaíocht arna déanamh le duine aonair atá ag freastal ar chúrsa breisoideachais agus oiliúna nó ar oiliúint as an láthair oibre mar chuid de phrintíseacht ceirde ainmnithe agus atá i dteideal liúntas oiliúna a fháil.

**Scoil nó Ionad** – ciallaíonn sé seo aon láthair ina soláthraítear cúrsa breisoideachais agus oiliúna nó oiliúint as an láthair oibre mar chuid de phrintíseacht ainmnithe.

**BOO** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna.

**FSS** – ciallaíonn sé seo Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Féinleithlisiú** – tagraíonn sé seo d'fhoghlaimeoirí ar mhol gairmí leighis/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dóibh srian a chur lena ngluaiseachtaí. Beidh deimhniú ag teastáil i ngach cás.

Ciallaíonn **an Roinn** an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 1. Réamhrá

1.1 Víreas ar féidir leis a bheith ina chúis le tinneas a dhéanann difear do na scamhóga agus do na feadáin anála is ea COVID-19 (Coróinvíreas).

1.2 Meabhraítear don Bhord Oideachais agus Oiliúna go bhfuil dualgas cúraim air sábháilteacht agus leas na bhfoghlaimeoirí uile a soláthraíonn sé oideachas agus oiliúint dóibh a chinntiú.

1.3 Ba cheart do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus d'fhoghlaimeoirí araon cloí leis an treoir ó FSS agus/nó óna ndochtúir.

## 2. Cuspóir an Chiorcláin seo

2.1. Is é cuspóir an Chiorcláin seo fógra a thabhairt faoi na socruithe atá i bhfeidhm d'íocaíochtaí foghlaimeora de réir mar a bhaineann siad le foghlaimeoirí a tholg COVID-19 agus le foghlaimeoirí nach bhfuil an víreas orthu ach ar moladh dóibh féinleithlisiú chun leathadh an víris a chosc.

## 3. Féinleithlisiú

3.1 Leagann FSS na critéir maidir le féinleithlisiú amach ag an seoladh seo a leanas:- https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/self-isolation-and-limited-social-interaction.html.

3.2 I gcás gurb é an chomhairle leighis gur cheart d'fhoghlaimeoir nach bhfuil tinn gabháil d'fhéinleithlisiú, ba cheart don Bhord Oideachais agus Oiliúna leanúint le híocaíochtaí foghlaimeora a sholáthar de réir mar is infheidhme.

3.3 I gcás tacaí eile foghlaimeora, e.g. liúntais taistil, chóiríochta agus bhéile, ba cheart caitheamh leo faoi na gnáthshocruithe atá i bhfeidhm le haghaidh neamhláithreachtaí údaraithe.

3.4 A luaithe a rachaidh an tréimhse mholta féinleithlisithe thart, ba cheart cloí le comhairle leighis agus le Treoirlínte ó FSS maidir le filleadh ar an oideachas agus an oiliúint.

## 4. Dúnadh Scoile nó Ionaid

4.1 I gcás go dtarlóidh sé, tar éis comhairle a fháil ó FSS, go ndúnfar scoil nó ionad de bharr COVID-19, leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le híocaíochtaí foghlaimeora a dhéanamh de réir mar is infheidhme.

4.2 Moltar do Bhoird Oideachais agus Oiliúna na pleananna leanúnachais ghnó atá i bhfeidhm acu a athbhreithniú i bhfianaise na staide a bhíonn ag athrú.

## 5. Nósanna Imeachta Iarratais

5.1 Ionas go mbeifear in ann a shocrú go leanfaí den íocaíocht foghlaimeora, ba cheart don fhoghlaimeoir fógra a thabhairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna a luaithe is féidir i gcás go ndiagnóiseofar go bhfuil an víreas air/uirthi nó i gcás go mbeidh air/uirthi féinleithlisiú. Ba cheart deimhniú cuí ó ghairmí leighis nó ó FSS maidir le diagnóis COVID-19 nó moladh go ngabhfadh an foghlaimeoir d'fhéinleithlisiú de réir na dtreoirlínte ó FSS a bheith san fhógra sin.

## 6. Cosaint Sonraí

6.1 I dteannta na dtaifead lena mbaineann, ní mór don Bhord Oideachais agus Oiliúna na doiciméid uile a bhaineann le cur i bhfeidhm an chiorcláin seo a choinneáil in áit shlán shábháilte agus ar aon dul leis an mbeartas cosanta sonraí agus na rialacháin chosanta sonraí atá i bhfeidhm ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.